Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**11382/17**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0289 (COD)**

**PECHE 298**
**CODEC 1267**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE a ghlacadh maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle<br>*- Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 11 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha[1], lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle[2]. Beartaítear leis an togra ollchóiriú a dhéanamh ar an gcóras údaraithe le haghaidh soithí iascaireachta an Aontais d'iascaireacht a dhéanamh lasmuigh d'uiscí an Aontais agus le haghaidh soithí tríú tír d'iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais.

2. Tar éis don Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh mionscrúdú a dhéanamh ar an togra, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta[3] ar an 28 Meitheamh 2016.

3. Ar an 1 Márta 2016, chinn Coiste na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

4. Ghlac an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim ar an 25 Bealtaine 2016[4].

5. Ar an 2 Feabhra 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a tuarascáil reachtach ina bhfuil a seasamh ar an gcéad léamh[5].

6. Idir mí Feabhra agus tús mhí an Mhárta 2017, scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach agus Seachtrach Iascaigh na leasuithe atá sa tuarascáil reachtach ó Pharlaimint na hEorpa, agus ar an 8 Márta 2017, bhunaigh COREPER sainordú[6] don idirbheartaíocht leis an bParlaimint.

---

1 Féach 15262/1/15 REV 1 PECHE 481 CODEC 1773.

2 Féach Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le húdaruithe le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Chomhphobail lasmuigh d'uiscí an Chomhphobail agus rochtain soithí tríú tír ar uiscí an Chomhphobail, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3317/94 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 33).

3 Féach 10143/16 PECHE 217 CODEC 868.

4 IO C 2016, 19.08.2016, lch. 116

5 Féach 5866/17 PECHE 44 CODEC 141 PE 4.

6 Féach 6304/2/17 REV 2 PECHE 58 CODEC 211.

7. Tar éis na gcruinnithe tríthaobhacha neamhfhoirmiúla a tionóladh ar an 27 Aibreán, an 30 Bealtaine agus an 20 Meitheamh 2017, cuireadh in iúl do COREPER gur thángthas ar chomhaontú sealadach leis an bParlaimint.

8. I litir dar dáta an 14 Iúil 2017, chuir Cathaoirleach Choiste um Iascach Pharlaimint na hEorpa in iúl d'Uachtarán COREPER I, i gcás ina dtíolacfadh an Chomhairle a seasamh go foirmiúil do Pharlaimint na hEorpa mar a comhaontaíodh, faoi réir a hathbhreithnithe ag na dlítheangeolaithe, go molfadh sé féin don seisiún iomlánach seasamh na Comhairle a ghlacadh, gan aon leasú, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

9. Ar an 19 Iúil 2017, dhearbhaigh COREPER an téacs comhréitigh deiridh d'fhonn teacht ar chomhaontú[7] agus ar an 25 Meán Fómhair 2017 fuair an téacs comhaontú polaitiúil na Comhairle[8].

## II. CUSPÓIR

10. Is é an aidhm a bhí leis an togra an Rialachán maidir leis an gCabhlach Iascaireachta Seachtrach a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hathchóiriú 2013 ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI), go háirithe trí fheabhas a chur ar an gcóras údaraithe le haghaidh soithí iascaireachta an Aontais chun iascaireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais, agus do shoithí tríú tír chun iascaireacht laistigh d'uiscí an Aontais. Sa bhreis ar na rialacha atá ann cheana féin a shoiléiriú agus a shimpliú agus iad a dhéanamh níos comhsheasmhaí leis an reachtaíocht is tábhachtaí a glacadh idir an dá linn, beartaítear leis an togra raon feidhme an Rialacháin atá ann cheana féin a leathnú chuig gnéithe eile a bhaineann leis amhail ceadúnais dhíreacha a fhaightear ó thríú tíortha, athrú brataí, cairtfhostú agus feabhas a chur ar fhaireachán agus ar thrédhearcacht. Táthar ag súil, mar sin, gurb í uirlis fheabhsaithe chun comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (iascaireacht NNN) atá sa tsraith sin de rialacha atá cothrom le dáta.

7 Féach 10550/17 PECHE 263 CODEC 1108.
8 Féach 11583/17 PECHE 306 CODEC 1298.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A. Faisnéis ghinearálta

11. Formhuinítear an togra ón gCoimisiún a bheag nó a mhór leis an seasamh ón gComhairle maidir leis an gcóras údaraithe iascaireachta a thabhairt cothrom le dáta, oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú agus trédhearcacht a mhéadú. Mar sin féin, rinne an Chomhairle na nósanna imeachta údaraithe a chomhchuibhiú chun an chastacht a bhaineann leo a laghdú, chun ualaí riaracháin gaolmhara a laghdú agus chun bearta díréireacha a sheachaint.

12. Chomh maith leis sin, mheas na trí hinstitiúid gurbh fhiú foráil a dhéanamh d'údarú aonair iascaireachta do shoithí nach ndéanann iascaireacht ach in uiscí an Aontais amháin gan coinníollacht bhreise d'údaraithe do shoithí an Aontais a bhíonn ag iascaireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais lena mbaineann sáruithe tromchúiseacha roimhe seo (Airteagal 5 de sheasamh na Comhairle), de bhrí go gceanglaítear le dlí an Aontais cheana féin smachtbhannaí oiriúnacha i gcás sáruithe den sórt sin. Measadh go raibh an cur chuige níos mó i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Rialú.

13. Maidir le tuilleadh athruithe ar an togra ón gCoimisiún, cuireann an Chomhairle le leasuithe a mhol an Pharlaimint, go háirithe i ndáil le "faireachán ar údaruithe iascaireachta" (leasú 32) agus é á áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta atá beartaithe i gcomhréir le meastóireacht eolaíoch (leasú 49 agus leasú 57). Comhaontaíonn an Chomhairle freisin tarmligean na gcumhachtaí dá bhforáiltear cheana féin sa togra ón gCoimisiún a shoiléiriú agus a theorannú bunaithe ar leasú a mholann an Pharlaimint (leasú 73).

**B. Gnéithe sonracha**

14. Is ábhar mór imní do na trí hinstitiúid iad forálacha a cuireadh isteach mar thoradh ar an athchóiriú ar CBI amhail "athrú brataí". Ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo, i gcás soithí a d'fhág cabhlach iascaireachta an Aontais, ar athraigh tríú tír a mbrataí ina dhiaidh sin agus a d'fhill ar chabhlach iascaireachta an Aontais níos déanaí, nár ghlac siad páirt in iascaireacht NNN ná nach ndearna siad iascaireacht faoi bhrat tíre neamh-chomhoibríche. Dar leis an gComhairle níl soitheach incháilithe d'údarú nuair a lean sé air ag iascaireacht i gcabhlach iascaireachta an tríú tír tar éis don tríú tír sin a bheith liostaithe mar thír a cheadaigh iascaireacht neamh-inbhuanaithe nó mar thír neamh-chomhoibríoch ó thaobh iascaireacht NNN a chomhrac de bhun Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ach ní tharlaíonn sé i gcás tríú tír a aithníodh mar thír neamh-chomhoibríoch ó thaobh iascaireacht NNN a chomhrac agus mar sin amháin. Mar sin féin, d'fhonn fónamh d'ábhair imní na Parlaiminte, chomhaontaigh an Chomhairle nár cheart go mbeadh soitheach incháilithe d'údarú ach an oiread nuair a lean sé air ag iascaireacht i gcabhlach iascaireachta an tríú tír tar éis sé seachtaine ón gcinneadh lenar aithníodh an tríú tír sin mar thír neamh-chomhoibríoch ó thaobh iascaireacht NNN a chomhrac, ach amháin i gcás inar chinn an Chomhairle gan an tríú tír sin a liostú amhlaidh (Airteagal 6(2)(d) de sheasamh na Comhairle).

15. Le linn an phlé leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún, ghlac an Chomhairle freisin le ceanglais faisnéise a chur isteach maidir le trasloingsiú faoi údaruithe díreacha agus ar an mórmhuir. Comhaontaíodh freisin ceanglas a chur isteach maidir le fógra a thabhairt roimh ré don Bhallstát brataí do na hoibríochtaí trasloingsithe sin (Airteagal 26a nua de sheasamh na Comhairle).

16. Ar deireadh, chomhaontaigh an Chomhairle faoi bhunachar sonraí an Aontais a bhunú d'údaruithe iascaireachta a eisítear faoin Rialachán seo (Airteagal 39 de sheasamh na Comhairle) a bheidh comhdhéanta de chuid phoiblí agus cuid neamhphoiblí, agus sa chaoi sin cothromaíocht níos fearr a áirithiú idir trédhearcacht agus rialú, agus cosaint sonraí pearsanta a chinntiú.

## IV. CONCLÚID

17. Agus a seasamh á bhunú aici, thug an Chomhairle aird iomlán ar an togra ón gCoimisiún agus ar sheasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.